


Nóta Treorach:

Rianú Feithiclí Fostaithe

Bealtaine 2020



Clár Ábhair

Dlíthiúlacht Rianú Teagmhála	2
Srianadh Feidhme agus Íoslaghdú Sonraí	3
Trédhearcacht agus an Ceart go gCuirfí ar an Eolas thú.....	4
Measúnachtaí Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)	4
<i>Cén uair is Gá DPIA?.....</i>	5
<i>Conas Ba Chóir Dul i mBun DPIA?.....</i>	5
Céimeanna Praiticiúla Comhlíonta d'Fhostóirí	6

Tá fostaithe i dteideal a bheith ag dúil, ar bhonn réasúnach, le príobháideacht sa láthair oibre faoi mar atá deimhnithe in Airteagal 8 de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine agus i gcásdlí le déanaí sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Tá ardriosca ag baint le húsáid rianú infheithicle ag fostóir ('an rialaitheoir') go sáróidh sé cearta príobháideachta agus cosanta sonraí an fhostaí.

Rialaítear tríd Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 ('an tAcht') mar is féidir sonraí pearsanta a phróiseáil. I gcomhthéacs rianú infheithicle, is tábhachtach a chuimhneamh gur ionann sonraí suímh agus sonraí pearsanta faoin GDPR aon am a mbaineann siad le duine atá in-sainitheanta.

Is tábhachtach, mar sin de, a shonrú nach é amháin go bhfuil fostóir atá ag úsáid rianú feithicle ag bailiú sonraí faoin bhfeithicil ach, lena chois sin, sonraí pearsanta an fhostaí aonair atá ag úsáid na feithicle sin, amhail sonraí suímh nó b'fhéidir sonraí iompraíochta faoin bhfostaí. Ionas go mbíonn rianú infheithicle dlíthiúil faoin GDPR, ní mór don fhostóir riachtanais dhochta a chomhlíonadh.

Níor chóir rianú feithicle a úsáid chun monatóireacht ghinearálta a dhéanamh ar bhaill foirne. D'fhéadfaí an teicneolaíocht seo a úsáid chun suíomh na bhfeithicilí a rianú nó a mhonatóiriú mar a úsáidtear iad i gcomhthéacs fostaíochta, ach is tábhachtach a shonrú nár chóir d'fhostóirí breathnú ar rianú feithicilí mar mhodh chun iompraíocht nó suíomh tiománaithe nó baill eile foirne a rianú ná a mhonatóiriú.

Dlíthiúlacht Rianú Infheithicle

Mar chéad chéim, ní mór d'fhostóirí a bheith in ann bonn dlíthiúil a léiriú chun rianú infheithicle a fheidhmiú. In Airteagal 6 den GDPR forordaítear nach bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dlíthiúil ach amháin má tá bonn dlí leis. Leagtar amach cad iad na boinn féideartha dhlíthiúla seo, mar atá: toiliú; conradh; oibleagáid dhlíthiúil; leas beatha; tasc poiblí; nó leas dlisteanach. [Tá tuilleadh treorach ar bhoinn dhlíthiúla próiseáil sonraí pearsanta](#) le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC).

Chomh maith le bonn dlíthiúil a shainnint, ní mór don fhostóir a chinntiú go gcomhlíonann aon phróiseáil sonraí pearsanta a bhfostaithe prionsabail cosanta sonraí atá leagtha amach in Airteagal 5 den GDPR, mar atá: dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht; srianadh feidhme; íoslaghdu sonraí; cruinneas; teorainn le stóráil; ionracas agus rúndacht (slándáil); agus cuntasacht. Déantar cuid de na prionsabail seo a phlé a thuilleadh thíos, ach tá tuilleadh [treorach ar phrionsabail seo cosanta sonraí](#) le fáil ar shuíomh gréasáin an DPC.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí le samplaí de bhoinn dhlíthiúla rianú infheithicle: comhlíonadh oibleagáid dlí (amhail úsáid tacagraf ar leoraí) nó leas dlisteanach fostóra a bheith ábalta an fheithicil a aimsiú am ar bith. An rud is tábhachtaí, is i gcúinsí *eisceachtúla* amháin a ghlacfar le toiliú fostaí mar bhonn cuí dlíthiúil. Tá sé seo amhlaidh óir is deacair toiliú 'a thugtar go saor', faoi mar atá éilithe in Airteagal 4(11) den GDPR a fháil, mar gheall ar an gcineál caidrimh agus an éagothroime chumhachta idir fostaí agus fostóir.¹

Ba chóir a chuimhneamh fosta go bhfuil toiliú in-aisghairthe am ar bith, agus an rogha sin ag an bhfostóir, agus ní mór nach mbeidís thíos leis má aisghaireann said.²

D'fhéadfadh a lán fostóirí a bheith ag brath ar Airteagal 6(1)(f) den GDPR mar bhonn dlíthiúil chun sonraí suímh a phróiseáil: riachtanas sonraí suímh feithicle a phróiseáil mar leas dlisteanach de chuid a ngnólachta. Is é is tábhachtaí gur gá an phróiseáil a bheith iomlán riachtanach agus i gcomhréir leis an aidhm chun an leas sin a bhaint amach, agus is gá an leas dlisteanach atáthar a iarraidh a chur sa mheá i leith chearta agus shaoirsí an fhostaí, lena n-áirítear a n-ionchais réasúnta phríobháideachta.

Tá teorainneacha áirithe ar phríobháideacht daoine aonair sa láthair oibre inchosanta mar gheall ar leas dlisteanach an fhostóra chun sonraí pearsanta a phróiseáil atá riachtanach maidir le gnáthfhorbairt an chaidrimh fostaíochta agus na hoibríochta gnó. Mar sin féin, ní treise an leas seo ná prionsabail cosanta sonraí, lena n-áirítear an gá atá

¹ In Airteagal 4(11) GDPR agus Réamhaithris 43 GDPR déantar ciall an toilithe a fhiosrú a thuilleadh

² Féach Réamhaithris 42 GDPR

le trédhearcacht, próiseáil chothrom, dlíthiúil sonraí agus an gá a chinntiú gur cothrom agus comhréireach aon sárú ar phríobháideacht fostaí.

Ní mór sonraí rianaithe a bheith srianta agus teoranta don fheidhm shainiúil a shainaithnítear ar aon dul le prionsabail 'teorannú feidhme' agus 'íoslaghdú sonraí (pléite thíos), ionas nach sárófar cearta cosanta sonraí an fhostaí.

In Airteagal 21 den GDPR tá de cheart ag an bhfostaí cur i gcoinne próiseáil sonraí a dhéantar ar chúis 'leas dlisteanach'. Áirítear leis seo, an ceart cur i gcoinne rianú feithicle a dhéantar ar an gcúis sin. Má chuirtear ina choinne, níl cead ag an bhfostóir leanúint ar aghaidh leis an rianú feithicle ach amháin má tá sé riachtanach chun leas dlisteanach *follasach* a bhaint amach a sháraíonn leas, cearta agus saoirsí an fhostaí.

Srianadh Feidhme agus Íoslaghdú Sonraí

Ní mór do rialaitheoirí fosta, agus tá dlúthbhaint aige seo leis na hoibleagáidí dlíthiúlachta, a chinntiú go gcomhlíonann aon phróiseáil sonraí oibleagáidí srianadh feidhme agus íoslaghdú sonraí faoi mar atá in Airteagal 5 den GDPR.

Ní mór d'fhostóir a chinntiú go bhfuil feidhm shainiúil na próiseála sonraí sainaitheanta acu ag am bailithe na sonraí ar a laghad agus i gcás rianú feithiclí ba chóir an fheidhm a shainaithint roimh cheannach nó feidhmiú na teicneolaíochta a chumasaíonn rianú den sórt. Is gá an fheidhm a bheith follasach agus dlisteanach. Ní ceadmhach na sonraí a úsáid ar fheidhmeanna breise eile nach bhfuil ag cur leis an bhfeidhm bhunaidh a úsáideadh chun an phróiseáil tosaigh a chosaint.

Sampla de phróiseáil bhreise nach mbeadh ag cur leis an bhfeidhm bhunaidh is ea monatóireacht agus meastóireacht fostaithe nuair ba í an fheidhm bhunaidh bailiú sonraí sa chás ina ngoidtear feithicil.

I gcomhar le prionsabal an riachtanais (tábhacht ar leith leis nuair a bhíonn bonn dlíthiúil le próiseáil á léiriú) agus prionsabal íoslaghdú sonraí, ba chóir d'fhostóirí a chuimhneamh nár chóir rianú feithiclí a úsáid dá bhféadfaí an fheidhm a luaitear a ghnóthú ar bhealach nach gcuirfeadh isteach a oiread céanna. Tá tuilleadh treorach ar [phrionsabail srianadh feidhme, íoslaghdú sonraí](#) agus [próiseáil bhreise](#) le fáil anseo ar shuíomh gréasáin an DPC.

Trédhearcacht agus an Ceart go gCuirfí ar an Eolas thú

Ní mór d'fhostóirí atá ag gabháil don rianú infheithicle cloí fosta lena n-oibleagáidí trédhearcachta faoin GDPR agus a chinntiú go gcomhlíonann siad cearta an fhostaí go gcuirfear ar an eolas é/í.³

Ní mór a chur in iúl d'fhostaí go bhfuil an rianú ar siúl agus mar a fheidhmíonn sé. Lena chois sin, is gá a chur in iúl go soiléir cé na feidhmeanna uile a mbeidh a gcuid sonraí pearsanta a n-úsáid ina leith, sula bhfeidhmeofar aon rianú den sórt. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an fhostóir a mhíniú go soiléir don fhostaí atá ag úsáid na feithicle cé na taifid atá á gcruthú, an fáth a bhfuil na taifid sin riachtanach, an úsáid a bhainfear astu, an fad a choinneofar iad, cé aige a mbeidh fáil orthu agus cén fáth.

Is ríthábhachtach go gcuirfear fostaithe go hiomlán ar an eolas faoi mhéid na húsáide a bhainfear as na sonraí pearsanta a bhailítear trí rianú feithicle. Níor chóir go mbeadh fostaí éiginnte, beag ná mór, faoi cén t-eolas atá á bhailiú agus faoi cén fheidhm atá leis an rianú. Ní ceadmhach na sonraí a bhailítear a úsáid ar aon chúis eile ach amháin go gcuireann an phróiseáil sin leis an bhfeidhm bhunaidh a bhí leis an mbailiú.

Ba chóir réamhfhógra a fháil chomh maith le heolas soiléir, cuimsitheach faoi chineál agus feidhm an rianaithe. Mhol Meitheal Oibre Airteagail 29 (WP29) ⁴gur chóir a leithéid d'eolas a chur ar taispeáint go follasach i ngach carr, faoi amharc súl an tiománaí.⁵ Cé nach éigeantach, d'fhéadfaí é a mheas mar dhea-chleachtas chun riachtanais trédhearcachta a chomhlíonadh.

Ba chóir d'fhostóirí polasaí ar úsáid rianú feithicle a cheapadh agus a chur ar fáil do thiománaithe. I gcomhthéacs úsáid gléasanna rianaithe feithicle, ba chóir go leagfaí amach sa doiciméad úd polasaí an fhostóra ar úsáid feithiclí comhlachta le haghaidh úsáid phríobháideach, más ceadmhach í.

Measúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA'anna)

Ba chóir don fhostóir DPIA a dhéanamh má tá sé beartaithe sonraí suímh feithicle a mhonatóiriú. Maítear in Airteagal 35(1) den GDPR gur gá DPIA a dhéanamh nuair '*is dócha gurb é an toradh ardriosca*' do chearta agus shaoirsí daoine.

³ Féach Airteagail 5 agus 12 GDPR, agus go háirithe Airteagail 13 agus 14 GDPR maidir le hoibleagáidí trédhearcachta rialaitheora. .

⁴ Meitheal ar a raibh ionadaí ó gach údarás cosanta sonraí san AE ar ghlac an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) a háit.

⁵ WP29, Tuairim 2/2017 ar phróiseáil sonraí san ionad oibre, 8 Meitheamh 2017

Cén uair is gá DPIA?

Lena chois sin, d'fhoilsigh WP29 treoirínte ina soiléirítear cé na cineálacha próiseála ar dócha gurb é an toradh ná ardriosca gur gá DPIA i leith an GDPR. Ina dhiaidh sin, thacaigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB), a tháinig in ionad Mheitheal Oibre Airteagail 29 leis na treoirínte seo. ⁶D'aithin siad na catagóirí seo a leanas (i measc catagóirí eile a luadh) mar phróiseáil sonraí a bhféadfadh ardriosca a bheith ag baint leo:

- **Luacháil agus scóráil:** lena n-áirítear próifíliú agus tuar, go háirithe *"ó ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an té is ábhar do shonraí ina c(h)uid oibre, staid eacnamaíochta, sláinte, roghanna nó réimsí spéise pearsanta, iontaofacht nó iompar, suíomh nó áiteanna a dtéann sé/sí"* (see Réamhaithrisí 71 agus 91 GDPR).
- **Monatóireacht chórasach**
- **Sonraí pearsanta íogaire:** D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí leis seo sonraí suímh, ag brath ar na cúinsí.
- **Nuálaíocht agus teicneolaíocht:** *"Is léir sa GDPR (Airteagal 35(1) agus réamhaithrisí 89 agus 91) gur cúis fhéideartha DPIA úsáid teicneolaíocht nua a shainmhínítear "de réir staid ghnóthaithe eolas teicneolaíoch" (réamhaithris 91). Tá sé seo amhlaidh as siocair go bhféadann cineálacha nua bailithe agus úsáide sonraí a bheith i gceist le húsáid a leithéid de theicneolaíocht le cois ardriosca do chearta agus saoirsí daoine aonair."*
- **Daoine leochaileacha ar ábhair do sonraí iad:** Áirítear go follasach "fostaithe" le daoine leochaileacha as siocair "éagthroime chumhachta" atá mar dhlúthchuid den chaidreamh a chiallaíonn gur éadócha ar fad an fostaí a bheith in ann toiliú saor a thabhairt (féach Réamhaithris 75 GDPR).

I mbunús na gcásanna, féadann rialaitheoir sonraí a mheas má chomhlíonann próiseáil dhá cheann de na critéir thuas, gur ghá DPIA a dhéanamh. Lena chois sin, tá sainaitheanta ag an DPC, de réir Airteagal 36(4) den GDPR go n-éilíonn "monatóireacht, rianú nó breathnú suíomh nó iompraíocht duine aonair" DPIA éigeantach. Tá treoir ar [na cineálacha Oibríochtaí Próiseála Sonraí a n-éilítear DPIA ina leith](#) ar fáil ar shuíomh gréasáin an DPC.

Mar gheall ar nádúr rianú feithicle agus gur dócha baint a bheith aige (go hindíreach ar a laghad) le bailiú sonraí pearsanta thiománaí na feithicle agus le rianú córasach a

⁶ Ar fáil ag [Guidelines on Data Protection Impact Assessment \(DPIA\)](#)

suímh, is an-dócha gur gá DPIA a dhéanamh roimh a leithéid de theicneolaíocht a fheidhmiú.

Conas Ba Chóir Dul i mBun DPIA?

Ba chóir go sainaitheofaí agus go maolófaí in DPIA na rioscaí do chearta agus saoirsí fostaí.

Ba chóir DPIA ina measfar comhréireacht bearta pleanáilte agus ina mbeidh cothroime idir feidhm na mbeart agus ionchais réasúnta phríobháideachta an fhostaí a dhéanamh roimh fheidhmiú polasaí rianú feithicle agus ní mór é a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta.⁷

Tá sé seo ar aon dul le cosaint sonraí de réir prionsabail cheaptha agus réamhshocraithe (féach Airteagal 24 den GDPR agus Réamhaithris 78 den GDPR). Tá [tuilleadh treorach ar DPIA a dhéanamh](#) ar fáil ar shuíomh gréasáin an DPC.

Ní mór go mbíonn i ngach DPIA :

- a) cur síos ar an oibríocht phróiseála in éineacht le feidhm na próiseála agus, nuair is cuí, leas dlisteanach na próiseála;
- b) measúnú ar riachtanais agus ar chomhréireacht na próiseála maidir leis an bhfeidhm;
- c) measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na ndaoine ar ábhair shonraí iad; agus
- d) na bearta atá le déanamh chun na rioscaí a mhaolú.

Is fiú suntas a thabhairt do thuairim W29 a d'fhaomh an EDPB inar maíodh an méid seo maidir leis an oibleagáid leanúnach chun a chinntiú go bhfuil DPIA cothrom le dáta agus ábhartha fós:

Is próiseas leanúnach é an DPIA, go háirithe nuair a bhíonn oibríocht phróiseála dinimiciúil agus faoi réir athruithe i rith ama. Is próiseas leantach é, seachas beart aon uaire.⁸

⁷ Féach Airteagail 35(1) agus 35(10) GDPR agus Réamhaithrisí 90 agus 93 GDPR

⁸ WP29, Tuairim 2017 ar threoirínite ar Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus a shocrú ar "dócha ardriosca a bheith mar thoradh" ar phróiseáil i leith Rialachán 2016/679, 4 Aib 2017

Céimeanna Praiticiúla Comhlíonta d'Fhostóirí

Is leideanna praiticiúla iad seo a leanas d'fhostóirí atá ag smaoineamh ar rianú feithicle a fheidhmiú nó a bhfuil sé feidhmithe acu cheana lena chinntiú go ndéantar é ar dhóigh shrianta, chomhréireach agus dhlíthiúil:

Cuir teorainn leis an am agus/nó suíomh nuair a bhíonn rianú ar siúl

Ní dócha gur dhlíthiúil, chomhréireach ná riachtanach, de réir GDPR, feithicil oibre a rianú (agus go háirithe feithicil atá i seilbh phríobháideach atá á húsáid ar chúiseanna oibre) lasmuigh d'uaireanta oibre.

Ba shampla é cás a bhaineann le goid feithicle de thoisic theoranta inar ghá sonraí rianaithe a rochtain chun an fheithicil a aimsiú, ach ba ghá comhréireacht agus riachtanas an bhirt a mheas agus a léiriú agus tairseach ard a bhaint amach do bheart atá chomh cráiteach.

Is mar bheart éigeandála amháin ba chóir d'fhostóirí smaoineamh ar na sonraí suímh a rochtain, amhail infheictheacht an tsuímh a chur ar siúl trí rochtain na sonraí atá stóráilte cheana féin ag an gcóras nuair a fhágann an fheithicil limistéar réamhshocraithe. D'fhéadfadh sé gur chéim i dtreo maolú sárú féideartha cearta cosanta sonraí agus príobháideachta fostaí í an rochtain theoranta seo ar shonraí suímh agus a chinntiú go ndéantar próiseáil ar dhóigh chomhréireach, riachtanach.

Déan cúram breise d'fheidhmiú teicneolaíochtaí nua, go háirithe nuair nach mbíonn fostaithe ag dúil leo ná eolach orthu

Mar a sonraíodh cheana, tá ualach ard trédhearcachta ag teicneolaíochtaí atá níos rúnda ó nádúr agus glactar leis gur mó an riosca a bhaineann leo. Tá sé seo amhlaidh toisc nach mbíonn fostaithe, ar bhonn réasúnach, ag dúil leo. Ní mór d'fhostóir a chinntiú nach bpróiseáiltear ach sonraí ar léir iad a bheith riachtanach don fheidhm a shainiú (seachas aon fheidhm eile) agus go gcuirtear an fostaí ar an eolas faoin rianú a bheith ar siúl agus an fheidhm atá léi ar aon dul le hoibleagáidí thrédhearcacht iomlán an fhostóra.

Moltar go gceapann fhostóirí polasaí ar úsáid gléasanna rianaithe agus go gcuirtear ar fáil é d'fhostaithe. Ba chóir go leagfaí amach sa doiciméad seo fosta polasaí an fhostóra ar úsáid phríobháideach feithicilí comhlachta agus úsáid comhlachta feithicilí príobháideacha.

Maítear an méid a leanas in WP29, agus aird á tarraingt ar thábhacht na trédhearcachta agus na comhréireachta, go háirithe nuair a bhítear ag brath ar leas dlisteanach chun próiseáil sonraí pearsanta a chosaint:

Mura bhfuil aon teorainn leis an bpróiseáil, agus mura bhfuil sí trédhearcach, is ard an riosca go ndéanfar monatóireacht dhochosanta, chráiteach de leas dlisteanach na bhfostóirí i bhfeabhsú éifeachtacht agus chosaint shócmhainní an chomhlachta⁹.

Feidhmigh bearta rogha an diúltaithe amhail a bheith in ann rianú a chur as gan dua

Sa chás go n-úsáidtear feithicil oibre go príobháideach lasmuigh d'uaireanta oibre, ní mór don fhostóir a bheith thar a bheith airdeallach chun a chinntiú go gcomhlíontar GDPR. Ní mór beart 'rogha an diúltaithe' a chur ar fáil, ar nós an rianú a chur as nó a dhíchumasú le 'lasc príobháideachta', go háirithe má úsáidtear feithicil i seilbh phríobháideach ar chúiseanna oibre.

Ba chóir d'fhostóirí a chinntiú fosta go gcuirtear oiliúint ar gach tiománaí ar oibríocht na mbeart rogha an diúltaithe. Áirítear leis seo gach fostaí nua a chur ar an eolas gur ann do ghléasanna rianaithe agus iad a oiliúint ar oibriú na laisce príobháideachta.

Seachain cur isteach ar shaol pearsanta fostaí agus ná déan ach rianú atá fíor-riachtanach

Luaigh an EDPB le déanaí ina [dtreoirínte ar phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs feithicilí ceangailte agus feidhmchláir a bhaineann le soghluaisteacht \(1/2020\)](#) maidir le sonraí geoshuímh "*go nochtann siad go leor de nósanna beatha daoine ar ábhair shonraí iad*", agus go bhfuil ardriosca ag baint leo de dheasca an líne idir saol an bhaile agus na hoibre a bheith ag dul i ndoiléire. Maítear go mbeidh "*an rialaitheoir sonraí thar a bheith airdeallach gan sonraí a bhailiú ach amháin más fíorghá é a dhéanamh ar chúiseanna próiseála*"

Ní dócha gur dlíthiúil riamh feithicil phearsanta fostaí a rianú lasmuigh d'uaireanta oibre óir sárú tromchúiseach ar cheart na príobháideachta agus ar chearta cosanta sonraí an fhostaí a bheadh ann cheal bonn follasach dlíthiúil de bhun Airteagal 6 den GDPR.

⁹ WP29, Tuairim 2/2017 ar phróiseáil sonraí san ionad oibre, 8 Meith 2017.